Polaitíoċt

Tá an Taoiseaċ ag dul go Nua Eaḃraċ i gcóir cuairt an Ṗápa tús na míosa seo ċugainn. Ṫug sé cuireaḋ do ċeann Ḟine Gael agus ceann an Luċt Oibre, an tUasal Mac Cosgar agus an tUasal Mac Feorais dul leis, agus tá siad ag dul. Is maiṫ an rud é seo. Is rud é a ṫaispeáineann go bfuil muid ag éirí fásta suas mar náisiún, agus go bfuil muid ag déanaṁ dearmad den seana searḃadas, a ḃí ann idir páirtíṫe. Is ionṁolta ar fad don triúr a ḃeiṫ ann i Nua Eaḃraċ, tar ċeann Náisiún Críostaí na hÉireann, ar ócáid ṁór ċuairt an Ṗápa.

Aċ tá ceist suimiúil ag éirí as —Tá an tUasal Mac Aoḋagáin, An Tánaiste, ṫall fosta, ag treorú ionadaiṫe buan na hÉireann ag na Náisiúin Aontaiṫe, mar is gnáṫ leis a ḃeiṫ i gcónaí ag an am seo den ḃliain. Agus ċom maiṫ leis sin, tá Seán Uas. Ó Loinsiġ, Aire Airgeadais ṫall, ag obair ar cúrsaí iasaċt airgid, agus cúrsaí Banc an Domhain. Mar sin de, ar feaḋ tréimse, beiḋ an tír seo gan Taoiseaċ gan Tánaiste, rud nár ṫárla le cuimhne na ndaoine roiṁe. Agus ṫairis sin arís, an tAire is sinsirí san Rialtas, de ġnáṫ an tAire Airgeadais, beiḋ seisean as láṫair ċom maiṫ.

Cé ḃéas ag feiḋmniú ina ionad anseo má ṫéann sé de réir sinsireaċt? Áirítear sinsireaċt na n-Airí de réir a gceapaḋ mar Aire, agus i gcás beirte a ċeapaḋ an lá céanna, de réira sinsireaċt mar faid a dtréimse mar Teaċtaí Dála roiṁe sin. Is comharṫa é ar ċom tapaí agus atáimíd ag scaraḋ leis na sean laeṫa, gurb é an tUasal Childers, an tAire is sinsirí san Rialtas, dá réir sin, agus an tUasal Hilliard an dara Aire is sinsirí.

An ainmneófar ceaċtar acu sin mar ceann gníoṁaċ an Rialtais, ḟad agus atá an Taoiseaċ agus an Tánaiste agus an tAire Airgeadais as láṫair? Ní dóiċe é. Agus tá cúiseanna, níos mó ná cúis aṁáin ann. Agus cúis aṁáin díoḃṫa sin ar scor ar biṫ, naċ bfuil teanga na tíre ar a toil ag ceaċtar acu. Agus más ea, cé a ainmneófar? Dá dtéiġtí siar ar ord sinsireaċta, beaḋ sé idir beirt: An Dr. Ó hIrġile, agus "an gasúr bán," Caṫal Mac Eoċaiḋ. An dtitfiḋ an roġa ar Ċaṫal mar tuar do rudaí atá le teaċt? Ní h-iontas dá mbeaḋ súil in áirde ag daoine.

Dála an scéil, tá Aire óg eile go bfuil súil in áirde aige i gcónaí, agus tá de ċumaċt aige a ainm a ċoinneáil os coṁair an poḃail, de ṡíor, agus sé sin an tUasal Ó Bléine. Ḃí neart daoine eile insan post atá aige-san anois, roiṁe, agus ba Aireaċt deas ciúin a ḃí ann i gcónaí, naċ raiḃ tráċt ar biṫ os coṁair an poḃail faoi, beagnaċ ċor a' biṫ. Ní hé sin é ó ċuaiġ Niall Ó Bléine go Teaċ an Ċustaim. Níonn sé cinnte de go mbíonn rud éigin le rá faoi'n Aireaċt sin, muna mbíonn gaċ seaċtain, gaċ mí ar a laġad. Agus leanann sé i gcónaí, teoranta dá Roinn féin.

Baineann sé gaċ úsáid is féidir as cúrsaí a Roinne, idir ó tiṫíoċt go linnte snáṁa, agus ní leisc dul ṫar teorainn anonn, mar rinne sé an tseaċtain seo caite, nuair a luaiġ sé, de luċt pleanála, ar ndóiġe, daoine atá faoi na Roinn féin, go gcuirfí riaraċán na n-eastáṫ tionsclaċ faoi Foras Tionscail.

Ḃeiṫfí ag súil, san gnáṫ dóiġ, go dtiocfaḋ ráiteas ċom táḃaċtaċ seo, faoi cúrsaí tionscail, ó Aire Tionscail agus Tráċtála aċ mar deirtear san Iarṫair ḟiain, is cosúil gur 'bualaḋ ċuig an tairmint' é. Agus go bfuil an as a ċuid cainte fosta, go raiḃ láiṁ láidir aige féin insan scéal, gur diúltaiġ an Rialtas glacaḋ leis naċ raiḃ ceantar ṫiar-ṫuaiḋ foirstíneaċ fá ċoinne ionad tionsclaċ.

Agus más ea, an bfeicimíd tarraingt polaitiúil ón taoḃ ṫoir-ṫuaiḋ do Ḋún na nGall, fá ċoinne ionad tionsclaċ a ṫarraingt go dtí an ceantar sin? Ḃí sin le tuigḃeáil amaċ as an tuarascáil a ḃí ann ar an méid adúirt Ó Bléine, leis na pleanadóirí, agus ar ndóiġe, an luċt pleanála, is dóiġe, dálta a lán eile, go dtuigeann siad leiṫ, nó leaṫ-focal, ċom maiṫ leis an duine eile. Aċ, is fíor olc an rud é má tá cúrsaí polaitíoċta ḋul a ċur isteaċ ar suiomh tionscail, agus eastáit tionsclaċ, sa dóiġe seo. Nó, is in Tírċonaill Ṫiar, atá tromlaċ mór an poḃail as obair, agus de ṫairḃe cúrsaí oibre a ḃaineas le eastáit tionsclaċ, tá Alban ċom ċoṁgaraċ díoḃṫa agus atá an ceantar Toir-Ṫuaiḋ do Ḋún na hGall.

Leanann an ċoiṁlint agus an díospóireaċt, agus an ḟiosraċt faoi céard is ciall le Ceantar Saor Ṫráċtála idir sinne agus an Ḃreatain? An bfaiġimíd oiread san talṁaíoċt agus a ḃeirimíd ar ṡiúl insan tionsclaíoċt? Tá a mbuntáistí áiṫrid, b'ḟéidir ag saor-ṫráċtáil, aċ, is cinnte, nuair a ḃéas saor-ṫráċtáil ann, naċ mbeiḋ tionsclóirí ag stiúraḋ gnóiṫí ċun leas na tíre seo.

Ċonnaċtas sompla de sin cúpla seaċtain ó ṡin, nuair a druideaḋ suas an Gorlann, ag Béal Áṫa an Ḟeaḋa, ar tugaḋ cuid maiṫ airgead Rialtais, lena ċur ar siúl, de ḟonn agus aon gnóluċt mór aṁáin a ḋéanaṁ taoḃ amuiġ de Ḃaile Áṫa Cliaṫ. Sin é an rud a ḃéas ag dul 'un tosaí, agus fiú aṁáin muna mbíonn sé, ċom h-olc agus d'ḟéadfaḋ sé beiṫ, le imirce ar siúl go Sasain, tá ċuile ṡeans go ngéaróiḋ sé bánú na tuaiṫe agus scrios an Iarṫair.

Ciḃé ar biṫ, tá mórán den ċeart ag Fine Gael, agus an Luċt Oibre, gur ceart seo a ċur faoi ḃráid Dáil Éireann, sul a gcuirtear é mar fait accompli. Ní ceart aṫrú ċom mór bunúsaċ seo a ḋéanaṁ ar polasaí eacnamiceaċ na tíre seo, gan é a plé go h-oscailte agus go h-iomlán i bPairliminṫ na tíre.

Is cinnte, má sinitear conraḋ tráċtála, idir an tír seo agus Sasain, sul a dtug an Dáil le ċéile, go mbeiḋ áḃar cainte an trom-cúiseaċ ar fad ag Fine Gael, agus an Luċt Oibre, agus is cosúil anois, go bfuil an dá ḋream acu, cé go bfuil siad ag scaraḋ lena ċéile, ag dul sa treo céanna, de ṫairḃe cur in éadan an iomad saor-ṫráḋála idir an tír seo agus Sasain.

Seo polasaí naċ nglacfaiḋ Fine Gael ċucu féin faoi an tsean ċeannas, agus beiḋ le feiceáil cad é an éifeaċt atá san ceannas úr nuair a ḃéas an ċeist seo ḋá plé, má socraíotar saor-ṫráḋáil mar ċonraḋ, sula dtig an Dáil le ċéile.

Tuairim, go mbeiḋ díospóireaċt teintrí go maiṫ ann, nuair ṫiocfas an Dáil le ċéile.

Fearfeasa.

Luċt na bPréataí

Ag cruinniú de Ċumann Uinsionn de Pól, in Deoise Raṫ Ḃoṫ an tseaċtain seo caite, ṫug an tAṫair Séamas Tufaiġ, óráid do na baill ag cur síos ar oiḃriṫeoirí, imirceoirí go hAlbain, agus luċt na bpréataí go speisialta, agus dúirt sé naċ fíor an rud a cuireaḋ ina leiṫ ins na páipéirí Béarla go raiḃ laige mórálta ag na h-imirceoirí seo. Ḃí sé ḋá ṡéanaḋ anois. Níor laḃair seisean aċ faoi na coinníollaċa oibre, agus na coinníol-

Litir Ṡasana

Dónal Mac Aṁlaiġ

In Aġaiḋ na Gaeilge

Feicim ar Coṁar na míosa seo go bfuil cumann nua taréis a ḃeiṫ bunaiṫe in Éirinn—cumann naċ bfeilfeaḋ do ḋuine ar biṫ go mbeaḋ príoín dá laġad de'n tír ġrá ann, cumann tuismiṫeoirí go b'é a gcuspóir suaraċ deire a ċur leis an nGaeilge 'éigeantaċ'! Gaeilge éigeantaċ, dár fia! Cé ċaoi faoin spéir anuas bfuil sí a ḋaṫ níba éigeanntaí ná áḋḃar ar biṫ eile scoile dá mbíonn ar ḋalta é ḟoġlaim? An laḃróidís siúd ar uiṁríoċt éigeantaċ, ná ar Ḃéarla éigeantaċ? Isé an Béarla tá éigeantaċ i gceart in Éirinn 'réir mar a feictear dom-sa é, arae níl an Stát féin sásta déileáil ina dteanga féin leo siúd tá ar ḃeagán Gaeilge; ná fiú leis an ndream úḋan tá ċom diongṁálta sin — Deasún Breaṫnaċ agus a ṁacasúil — agus naċ mbíonn siad toilteanaċ úsáid a ḃaint as an mBéarla i gcúrsaí oifiġiúla. Agus ṫárla é luaiṫe agam ba ṁaiṫ liom a ḋul rud beag níḃ' faḋa agus seasṁaċt Ḋeasúin a ṁolaḋ; isé curaḋ mór na Gaeilge i mBaile Áṫa Cliaṫ é, fear naċ leasc leis clampar a ṫarraingt, agus námaide a ḋúiseaċt ar ṁaiṫe leis na niṫe a gcreideann sé ionnta. Go deiṁin féin dá mbeaḋ luċt na Gaeilge tré ċéile lán ċom dílis dúṫraċtaċ leis an mBreaṫnaċ ba ġearr go mbeaḋ an Gaeilge ag fáil a ceart féin ó ṁaiṫe móra agus ó ṁaiṫe mionna Ṫeaċ Laiġin.

Aċ is ar ċumann seo — na dtuismiṫeoirí sea tosaíos ag caint agus nílim réiḋ leis fós. Dár liom go léiríonn a ndearcaḋ tútaċ an fíor-ḋroċ ḃail tá tagṫa ar an dtír ḃoċt sin againn féin. "Cé'n maiṫ duit an Gaeilge" ina ṡean-ḃéic mire ag na seóiníní agus ag na sprioṡ-áin, iad lán ċom ċíocraċ ċuig niṫe áḋḃaraċa an tsaoil seo — saiḋḃreas, maoin, galántaċt — le h-ál muice ċun biḋ agus ċom dall leis an ṁucra ċéanna ar ḃlúirín ar biṫ den uaisleaċt. Naċ íoróineaċ go deo an scéal é go mbeaḋ a leiṫéidí seo, faoi ḟaid ḃliana don gcomóraḋ mór a ḃéas á ḋéanaṁ ar ṡeaċtain ġlórṁar na Cásca 1916, ag éileaṁ go ndéanfaí dearmad de na rudaí ab annsa leis an bPiarsaċ agus a ċomráḋaiṫe. "Tír gan teanga, tír gan anam." Aċ is beag é a spéis siúd san anam, mise i mbannaí díḃ faoi sin. Daoine mar iad a ḃí ar intinn ag Oscar Wilde fadó nuair a ċan sé an naṫán úd: "Is eol dóiḃ praġas an uile níḋ, aċ ní h-eol dóiḃ luaċ aon níḋ." Daoine mar iad freisin a díolfaḋ an tír leis an Sasanaċ arais, a riṫfeaḋ arais arís sa gCoṁaltas mar ḃeaḋ maistíní a ligfí fead orra. Aċ tá cuid aca níos measa ná a ċéile. An dream a abraíonn amaċ go lomnoċt go bfuilid i gcoinne na Gaeilge, go mb'ḟearr leo básaí í agus go bfuilid sásta láṁ a ċur ina bás — na daoine sin dá ḋonaċt sa diaḃal iad, tá an méid seo le rá fúṫa: naċ bfuil siad ag iarraiḋ aon ċluain a ċur ar éinne, go bfuil ar an gcuid is lú ḋe macántaċt ag baint leo. Aċ céard faoin ndream eile úḋan, an dream sleaṁain slíoċta a ḃíos ag maoiṁ go ngráḋonn siad an teanga aċ naċ gcreideann siad gur maiṫ an rud é í a ḃeiṫ á ṁúineaḋ go h-éigeantaċ? Daoine iad sin tá seaċt n-uaire níba ċontúirtí arae cuirfiḋ siad cló measarḋa réasúnta ar a gcuid seifteanna sa gcaoi agus naċ musclóiḋ siad luċt na Gaeilge fré ċéile. "Bíoḋ an Gaeilge mar áḋḃar breise, fearaċt Fraincis nó a leiṫéid, ⁊ dar linn go méadófar ar ġrá na ndaltaí dí." Port aṁáin dá gcuid agus "Má rammáilfear an teanga i siar ina scórnaċ ní beiḋ aċ fuaṫ ag na gasúir dí," ceann eile. Aċ is maiṫ is eol dóiḃ seo gur rí-annaṁ a dúisiṫear suim ḃuaċalla nó ċailín in áḋḃar léinn nár tugaḋ aon spléacaḋ dóiḃ ċeana air; i bfocal aṁáin is éard a ṫárlóḋ, dá stopfaí den Gaeilge "éigeantaċ" ná go ndéanfaí dearmad uiliġ uirri gan mórán aċair. Agus sin go díreaċ tá uaṫa — aċ go bfuil siad aḃfad é ró-ċríonna lena aḋṁáil. Mar adúirt Breandán Ó hÉiṫir ina ḋréaċt míosúil "An Ċaint sa Sráidḃaile" . . . tá daoine in Éirinn a bfuil col nádúrṫa leis an nGaeilge aca."

Mo léan tá. Mar ċruṫú ar sin féaċ ar ċumann nua seo na dtuismiṫeoirí. Go bfóire Dia ar Éirinn má éiríonn leo.

Deoraíoċt

D'aṫ-ḟoilsíoḋ leaḃar de ċuid Ṡeán Ṗádraig Uí Ċonaire le deireannas, úrscéal dar teideal "Deoraíoċt". Is díol spéise ag luċt léiṫe na Gaeilge leaḃar ċom mór le rá sin a ḃeiṫ ar fáil taréis an ḟaid seo; aċ aisteaċ go leor níor fógraíoḋ é in áit ar biṫ go bfios dom féin; ḃí píosa beag ag eagarṫóir "Ar Aġaiḋ" san iris úḋan ag fáil caidéis de seo. Tá fúm féin an leaḃar a ċeannaċ — beiḋ sé le fáil tríd an Leaḃar Ṡeirḃís creidim — aċ naċ é an trua é naċ dtaḃarfaí an poiḃlíoċt cuí do ṡaoṫar ċoṁ iomráiteaċ le Deoraíoċt?

Dála an scéil, leaḃar eile a raḃas leis na blianta á iarraiḋ, seolaḋ ċugam le goiriḋ é. "Oíċe i nGleann na nGealt" le Ciarán Ó Nualláin an leaḃar tá i gceist agam. Aċ ḃí mo ċion féin den mí-áḋ orm arae ċuaiġ an leaḃar amú agus ċinn glan orm, i ndiaiḋ mo ḋíċill, tuairisc ḟáil air; isé ċaoi ar ṡeacadaḋ é sa dteaċ ina raḃas ag cur fúm go dtí le goiriḋ, agus ṫug muintir an tí arais do ḟear an ṗoist é. Ba ṡin slán beo le mo leaḃar arae cé gur scríoḃas ċuig Máistir an Ṗoist ag fiafraí faoin leaḃar ní bfuaireas sásaṁ ar biṫ. Is mairg a ḃeaḋ ag braiṫ ar a leiṫéid le gar a ḋéanaṁ dó.

Dónall Mac Aṁlaiġ.

Teagasc Críostaí Nua Ṫuama

I litir a léiġeaḋ i dtiṫe Poḃail Ard Deoise Tuama, ag na hAifrinn uiliġ Dé Doṁnaiġ seo caite, ċuir an t-Ard Easpag, an Dr. Sár-Oirṁinneaċ Breaṫnaċ fáilte ar leiṫ roiṁ an Teagasc-Críostaí nua, agus ṫug sé molaḋ ar leiṫ do ṁúinteoirí na Deoise a d'eagraiġ cúrsa ar leiṫ i múineaḋ teagasc-Críostaí an saṁraḋ seo. Ḃí an cúrsa ar siúl i gColáiste Naoṁ Iarḟlaiṫe. Beiḋ an Teagasc-Críostaí nua seo insan Deoise uiliġ, agus beiḋ leagan Gaeilge fá ċoinne na Gaeltaċta agus scoltaċa eile ar ṁaiṫ leo a ġlacaḋ, gan mórán moille.

Ba ċeart, adúirt A Ġrása, go mbeaḋ na tuismiṫeoirí agus a gcuid páistí ag déanaṁ cuid den Teagasc Críostaí sa ḃaile le ċéile. D'iarr an tArd Easpag ar na Sagairt agus an poḃal suim ar leiṫ a ċur sa Teagasc Críostaí seo.

Ċuir an t-Ard Easpag ar a súile díoḃṫa an rud a ṫárla sa tSualainn, tír ina bfuil an dul-ċun-cinn saolta ar fad ann, aċ, naċ bfuil an Creideaṁ ḋá ṫeagasc ins na scoltaċa, agus anois, tá na páistí an oiread sin ó smaċt, gur b'éigin do ṫuismiṫeoirí iarratas a ċur ċuig an Stát, ag iarraiḋ go dtaḃarfaí an Creideaṁ arais le teagasc ins na scoltaċa.

D'iarr a Ġrása, paidreaċa an poḃail fá ċoinne go n-eireóḋ go

Scríoḃnoír Gaoṫ Doḃair

Coṁġáirdeaċas do ḋuine as Gaoṫ Doḃair, a ṡeas cliú agus cáil, ní hé aṁáin do Ġaoṫ Doḃair, aċ do Ġaeilge Ḋún na nGall aċan áit. Tá Seán Ó Gallċoḃair, O.S., Coitín, Doire Beag, in déiḋ trí duais móra a ḃaint i gcomórtaisí an Oireaċtais, do príoṁ scríḃneoirí na Gaeilge.

Rannaḋ an ċéad duais fá ċoinne drámaí do ṗáistí scoile, idir é féin agus Pádraic Ó Dálaiġ, Corcaí. D'ḟiú £30 an ċéad duais, agus bíonn coiṁlint mór fá ċoinne na nduaiseanna seo. Tá ganntanas do ḋrámaí scoile, agus tá luċt scoltaċa agus ranganna atá ag cur isteaċ ar comórtaisí drámaíoċt aċan áit, ag fanaċt le drámaí nua. Beiḋ iarraiḋ ṁór ar dráma Ṡeáin.

Coṁ maiṫ leis sin, insan comórtas do ġéarrscéalta, buaiġ sé glan an ċéad duais. Cailín eile as Dún na nGall, Áine Nic Liaġa, An Rílin, An Cloċán, a fuair an dara duais. Agus ní é seo deireaḋ, ná ċur sé isteaċ iarraċt filíoċta ċoṁ maiṫ, agus ġnóṫaiġ an iarraċt filíoċta sin, an ċéad duais ar fiú £10 é, do Ṡeán Ó Gallċoḃair arís. File ċliúteaċ Corcaí, Pádraic Mac Suiḃne (An Suiḃneaċ Mean) as Cúlaoiḋ, a ḃí ar ċoṁ ċéim leis.

Le faḋa, ḃí cuid scríḃneoirí Ḋún na nGall na gcoḃla, agus is maiṫ an rud a ḟeiceáil go bfuil duine aṁáin ag dul ċun cinn, ⁊ tá súil againn, agus tá súil ag bunú Ġaoṫ Doḃair agus bunú dtaḃarfaiḋ sé aire do leaḃraí a scríoḃaḋ ċoṁ maiṫ.

Tá ganntanas mór scríḃneoireaċta ar Ġaeilg Ḋún na nGall, ⁊ b'ḟiú do scríḃneoirí, idir óg agus aosta, taḃairt faoi.

Éadan Anfa

I dTeach Pobail an Teaghlai Naofa, Na Gleanntai, posadh Sean O Maolbhuaidh, mac le Brid Bean Ui Mhaoilbhuaidh agus Padraic O Mhaolbhuaidh, nach maireann, agus Maire Brid Ni Chaimbeal, inion do Cathal O Caimbeal agus a bhean, Cnoc an Airgid, Na Gleanntai. An tAthair Mac Fhloinn, S.C., Baile na Finne, a phos iad. Maire Cait Nic Diarmada, col-cheathrar na brideoige, agus Donal Mac Fhionnlaoich, col-cheathrar an fhir, a bhi ag baiteoireacht leo.

Ag teach pobail an Theaghlai Naofa, Eadan Anfa, posadh Cathal Mac Fhloinn, mac is sine do Cathal Mac Fhloinn agus a bhean, Cill Raighin, Clochan, agus Caitlin P. Nic Daibheid, inion is oige do A. Mac Dabheid, agus a bhean, Cnoc Litreach, Baile na Mor. An tAthair T. O Frighil, S.C., Eadan Anfa, a phos iad, le Aifreann an Phosta agus Beannacht an Phapa. A dearthar, Padraic Mac Daibheid, a thug an bhrideoig le posadh, agus bhi si ag caitheamh guna gairid de lasa ban, os cionn satin, agus coroin pearlai ag coinneail an bheil ina ait. D'iompar si blafhleasc de carnations dearg agus bana. A col-cheathrar, Sorcha Nic Daibheid, S.R.N., Ospideal Naomh Chonaill, a sheas lei, agus Padraic Mac Fhloinn, dearthar an fhir, a sheas leis an fhear. Bhi an bhainis in Ostan Highlands, Na Gleanntai, agus na dheidh sin d'fhag an lanuin le mi na meala a chaitheamh i mBaile Atha Cliath.